



Tionchar a imirt ar ár soláthar leictreachais amach anseo

Ullmhú chun leibhéal 70% ar a laghad de leictreachas glan a bhaint amach faoi 2030



Céard a bhíonn ar siúl ag EirGrid?

Bíonn todhchaí eangach leictreachais na hÉireann a phleanáil ag EirGrid, agus bíonn an eangach á feidhmiú aige gach aon nóiméad de gach aon lá. Cuimsítear leis sin idirnáisc le heangacha comharsanachta agus an margadh mórdhíola leictreachais a reáchtáil. Cinntimid go mbíonn leictreachas ag gach duine nuair a bhíonn sé ag teastáil uathu ar an bpraghas is eacnamúla agus is féidir. Tugann an eangach an leictreachas ó ghineadóirí chuig líonra ESB lena soláthraítear leictreachas do gach teach cónaithe, feirm, pobal agus gnólacht in Éirinn. Tugann sí leictreachas freisin d'ollúsáideoirí fuinnimh amhail ionaid monaraíochta ardteicneolaíochta agus ionaid sonraí.

Cén fáth ar réiteach ar an athrú aeráide é an leictreachas?

Is féidir leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite amhail an ghaoth agus an ghrian. Mar thoradh ar na foinsí fuinnimh ghlain sin, laghdófar ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise amhail gual agus ola. Dá bhrí sin, bainfear úsáid níos mó as an leictreachas ar chúiseanna breise, amhail iompar agus téamh. Le hullmhú don todhchaí sin, d'iarr Rialtas na hÉireann orainn an eangach a réiteach le go mbeifear in ann 70% ar a laghad de leictreachas na hÉireann a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Faoi láthair, is ó fhoinsí in-athnuaite a ghintear thart ar 40% den leictreachas a úsáidtear i rith na bliana. Céim atá sa sprioc 70% i dtreo an chuspóra fhoriomláin de bheith saor ó astaíochtaí carbóin ar an nglanleibhéal faoi 2050. Gníomhú ar son na haeráide atá ann – rud atá bunriachtanach chun rioscaí na géarchéime aeráide a d'fhéadfadh cur isteach ar an mbeatha a laghdú.

Cén chaoi a n-ullmhóidh an eangach do leictreachas glan?

Le hullmhú don athrú sin, ní mór do EirGrid an eangach leictreachais a dhéanamh níos láidre agus níos solúbtha. Beidh ar an eangach cumhacht bhreise a iompar, agus ginfear formhór na cumhachta sin ó fhoinsí in-athnuaite a bhíonn ag brath ar an aimsir. Nuair is féidir, úsáidfidimid an eangach reatha chun an sprioc sin a bhaint amach. Mar sin féin, de bharr an scála athraithe, beidh orainn pleanáil le haghaidh cuid mhór bonneagar eangaí nua freisin amhail cáblaí faoin talamh, piolóin agus fostáisiúin.

Conas is féidir leat cabhrú?

Ba mhaith linn do thuairimí a fháil ar ár gceithre dhréacht-chur chuige le gur féidir linn teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige chun spriocanna 2030 a bhaint amach. Rachaidh an t-aistriú chuig leictreachas glan i bhfeidhm ar gach aon duine in Éirinn – is mian linn a bheith ag obair leis an bpobal chun teacht ar an mbealach is fearr chun tionchar a imirt ar ár soláthar leictreachais amach anseo.

Céard air a bhfuilimid ag iarraidh ort do mhachnamh a dhéanamh?

Tá míniú sa doiciméad seo ar na hathruithe beartaithe a rachaidh i bhfeidhm ar thodhchaí an leictreachais in Éirinn. Ní mór dúinn go leor foinsí nua leictreachais ghlain a chur leis an gcóras, agus is iondúil a bhíonn na foinsí sin lonnaithe i bhfad ón áit a n-úsáidtear an leictreachas. Moltar ceithre dhréacht-chur chuige sa doiciméad seo mar fhreagra air sin. Teastaíonn do thuairimí uainn chun cabhrú linn ár straitéis deiridh a mhúnlú.

Léigh an fhaisnéis atá curtha ar fáil againn ar na ceithre dhréacht-chur chuige ar leathanaigh 14-21. Ansin bain úsáid as aon cheann de na modhanna teagmhála a luaitear ar leathanach 27 chun do thuairim a chur in iúl dúinn.

1

Faoi threoir na giniúna

Déantar an ghiniúint leictreachais ghlain a lonnú gar do na háiteanna sin ina n-úsáidtear formhór na cumhachta

2

Faoi threoir na bhforbróirí

Ligtear do na forbróirí a chinneadh cén áit ar cheart an ghiniúint leictreachais ghlain a lonnú

3

Faoi threoir na teicneolaíochta

Triail a bhaint as bealaí nua chun an leictreachas glan a bhogadh timpeall na tíre

4

Faoi threoir an éilimh

Ollúsáideoirí leictreachais a lonnú gar d'fhoinsí giniúna leictreachais ghlain



Cén chaoi a n-oibríonn an eangach leictreachais?

Úsáidtear breis is 6,600 km de línte lastuas agus de cháblaí faoin talamh chun méideanna móra leictreachais a bhogadh timpeall na hÉireann. Is é sin an eangach – agus tá cumhacht á tabhairt aige ó ghineadóirí chuig na húsáideoirí go slán sábháilte le blianta fada. Léirítear leis an léarscáil ar leathanach 7 an áit a bhfaigheann Éire a cuid leictreachais, agus an córas tarchurtha a úsáidtear chun an chumhacht sin a bhogadh chuig na háiteanna ina bhfuil sé ag teastáil.



Bíonn leictreachas á ghiniúint ag cuideachtaí giniúna, agus bíonn siad in iomaíocht lena chéile chun an leictreachas sin a chur ar fáil ar an bpraghas is fearr.

Cinntíonn EirGrid go bhfuil go leor leictreachais ann, ansin déanann sé an leictreachas sin a sholáthar go díreach chuig ollúsáideoirí fuinnimh agus ar fud na heangaí.



Baineann ESB Networks leictreachas ón eangach, agus seolann sé é sin ar aghaidh chuig daoine a bhfuil sé ag teastáil uathu.

Roghnaíonn tomhaltóirí soláthróir leictreachais, agus muinín acu go mbeidh soláthar slán iontaofa acu anois agus amach anseo.

Eanglach leictreachais

Eanáir 2021

Feidhmíonn gach líne agus cábla ar an eangach ar voltas áirithe, agus léirítear an voltas sin i gcileavoltaí (kV). Dá airde an voltas, is ea is mó cumhachta is féidir leis a iompar.

Sruth ailtéarnach ardvoltais (HVAC)

- Línte 400 kV
- Línte 275 kV
- Línte 220 kV
- Línte 110 kV
- - - Cáblaí 220 kV
- Cáblaí 110 kV

- Stáisiún 400 kV
- Stáisiún 275 kV
- Stáisiún 220 kV
- Stáisiún 110 kV

Sruth díreach ardvoltais (HVDC)

- - - Idirnascairí faoin bhfarraige

Giniúint leictreachais nasctha leis an eangach

- Giniúint hidrileictreachais
- Giniúint cumhachta ó bhreoslaí iontaise
- ▼ Giniúint ó thaisce pumpála
- Giniúint leictreachais gaoithe


Ní léirítear ar an léarscáil seo giniúint leictreachais ar scála beag ó fhoinsí in-athnuaite atá nasctha le córas dáileacháin ESB Networks

Cén fáth a bhfuilimid ag caint ar thodhchaí leictreachais na hÉireann?

Beidh athrú ollmhór ar an eangach ag teastáil sna deich mbliana amach romhainn. Measaimid go mbeidh 10 ngigeavata (GW) ar a laghad – agus b'fhéidir níos mó – de leictreachas ó fhoinsí glana ag teastáil in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Is é sin thart ar dhá oiread an leictreachais ghlain i gcomparáid lena raibh ar fáil in 2020. Ní mór an chumhacht sin a ghiniúint, a nascadh leis an eangach, agus a sheachadadh ar fud an oileáin.

Beidh dúshlán ag baint le haistriú na hÉireann chuig an leictreachas glan, ach cabhróidh sé chun infheistíocht agus fostaíocht a sholáthar. Beidh Éire níos neamhspleáiche ar fhuinneamh freisin, agus laghdófar go mór an truailliú aeir mar thoradh ar an nginiúint leictreachais.





Cén chaoi a bhfeidhmeoidh an próiseas comhairliúcháin seo?

Achoimre atá sa doiciméad seo ar ár smaointeoireacht tosaigh ar na hathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an eangach le go mbeidh 70% ar a laghad den leictreachas in Éirinn á ghiniúint ó fhoinsí glana faoi 2030. Is iomaí bealaí chun tabhairt faoin dúshlán seo, agus tá torthaí éagsúla acu ar fad.

Is é is aidhm don chomhairliúchán seo cothromaíocht a aimsiú idir tairbhí agus tionchar féideartha gach cur chuige. Ba mhaith linn do thuairimí a fháil – chun cabhrú linn cinntí a dhéanamh ina léireofaí do dhearcadh féin.

Tá sé mar aidhm againn ár straitéis deiridh a fhoilsiú faoi dheireadh na bliana 2021. Is ar an straitéis sin a bhunófar na hathruithe sonracha sna deich mbliana amach romhainn thar réimse tionscadail ar leith. Beidh comhairliúchán poiblí forleathan ag baint leis na tionscadail sin go léir, agus leanfar an gnáthphróiseas planála leo. Ach labhairt linn anois, áfach, is féidir leat dul i gcion ar an éabhlóid a thiocfaidh ar an eangach leictreachais sna deich mbliana amach romhainn.

Cén fáth a mbeidh níos mó leictreachas glan in úsáid againn amach anseo?

Tar éis breoslaí iontaise a bheith á ndó ar feadh blianta fada, ní mór dúinn tarraingt le chéile anois chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide atá ina toradh air sin. Gan gníomh a ghlacadh, beidh na hathruithe ar ár gcórais aimsire ina mbagairt ar an gcaoi a mairimid.

Chun dul i ngleic leis sin, tá bearta coiteanna á nglacadh ag rialtais chun astaíochtaí carbóin a laghdú. Ar an ábhar sin, ní mór dúinn teacht ar bhealaí chun freastal ar éileamh níos mó na hÉireann ar fhuinneamh gan a bheith ag brath go príomha ar bhreoslaí iontaise a dhó. Cabhraíonn an leictreachas chun é sin a bhaint amach, ó tharla gur féidir é a ghiniúint ó fhoinsí glana in-athnuaite amhail an ghaoth nó an ghrian. Ní rachaidh na foinsí sin in éag riamh, agus níl astaíochtaí carbóin – atá ina gcúis leis an athrú aeráide – ag baint leo. Mar thoradh air sin, tiocfaidh an leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite in ionad breoslaí iontaise amhail gual agus ola de réir a chéile. Úsáidfear an gás nádúrtha i gcónaí chun méid áirithe leictreachais a ghiniúint mar chúltaca nuair nach féidir linn brath ar an ngeoth ná ar an ngrian.

Cén tionchar atá aige ar an eangach leictreachais?

Tá dúshlán áirithe d'eangach leictreachais na hÉireann ag baint leis sin.

Freastal ar éileamh leictreachais níos mó

Beidh ar an eangach i bhfad níos mó leictreachais a iompar. Bhí dhá oiread an éilimh ar leictreachas ann in 2020 i gcomparáid le 1990. Tiocfaidh méadú – mór – ar an éileamh sin arís sna deich mbliana atá amach romhainn.



Tá na réamh-mheastacháin sin bunaithe ar úsáid níos mó a bheith á baint as an leictreachas d'iompar agus do théamh. Ach léirítear ann freisin an t-éileamh méadaitheach ar leictreachas ó úsáideoirí móra. Ina measc, áirítear saoráidí cógaisíochta, an mhonaraíocht ardteicneolaíochta agus ionaid sonraí.

Dul i ngleic le foinsí éagsúla in áiteanna iargúlta

Beidh formhór an leictreachais ar an eangach á ghiniúint ó fhoinsí glana in-athnuaite amhail an ghaoth nó an ghrian faoi 2030. Mar sin féin, bíonn an méid leictreachais ó na foinsí sin ag brath ar an aimsir. Ní féidir linn méideanna móra leictreachais a stóráil go héasca ná go heacnamúil, mar sin ní mór dúinn déileáil leis an inathraitheacht sin. Ina theannta sin, bíonn foinsí leictreachais in-athnuaite in Éirinn i bhfad ar shiúl ó na háiteanna ina n-úsáidtear formhór na cumhachta go hiondúil.

Foirmeacha casta giniúna a chomhtháthú

Tá éagsúlacht theicniúil mhór idir leictreachas a ghiniúint ón ngeoth nó ón ngrian agus breoslaí iontaise a dhó chun cumhacht a ghiniúint. An dúshlán is mó atá ann ná go ngintear leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite ar mhínicíocht atá éagsúil leis an gcumhacht eile ar an eangach. Tá deacracht theicniúil mhór ag baint leis an méid sin leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite a chur leis an eangach.

Ní féidir an chumhacht bhreise sin a iompar ar an eangach atá againn inniu, gan trácht ar an méid sin cumhachta a bhogadh trasna na tíre ó fhoinsí in-athnuaite. Le hullmhú don athrú sin, ní mór an eangach leictreachais a dhéanamh níos láidre agus níos solúbtha.

Deich mbliana d'uasghráduithe eangaí a bhainistiú

Mar thoradh ar na dúshláin sin, beidh deich mbliana de thionscadail nua ag teastáil chun an eangach a uasghrádú agus chun cur léi. Gan an obair sin, ní bheidh Éire in ann brath ar sholáthar slán leictreachais, ná ní bheidh 70% ar a laghad den chumhacht sin ag teacht ó fhoinsí glana faoi 2030.

Ar deireadh, glactar leis sa chomhairliúchán seo go leanfar leis na huasghráduithe eangaí reatha – amhail an tldirnascaire Thuaidh Theas – faoi mar atá beartaithe agus de réir an sceidil atá leagtha amach. Gan na tionscadail sin atá ann cheana féin, ba dheacair spriocanna 2030 a bhaint amach, dá bhféadfaí iad a bhaint amach ar chor ar bith.

Comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus a fheabhsú

Tá ár ndréacht-chuir chuige go léir ag brath ar thacaíocht agus ar sholúbthacht ónár gcomhpháirtithe agus ónár bpáirtithe leasmhara. Ina measc siúd, áirítear an Rialtas, rialtóirí, agus iad siúd a bhíonn ag obair linn ar chóras leictreachais na hÉireann.



Cé na dúshláin a bhaineann leis an leictreachas glan?

Ní bhíonn leictreachas á ghiniúint ag EirGrid – bíonn sé á iompar againn ó na gineadóirí ar fud na heangaí. Úsáidimid an eangach chun cumhacht a sholáthar go díreach d'ollúsáideoirí fuinnimh agus do ESB Networks. Ansin, déanann ESB Networks leictreachas a sheachadadh chuig gach aon úsáideoir sa tír, lena n-áirítear ospidéal, scoileanna agus tithe cónaithe.

Is eol dúinn go mbeidh go leor foinsí nua leictreachais in-athnuaite ann chun spriocanna 2030 a chomhlíonadh. Ní heol dúinn, áfach, go mbeidh an eangach leictreachais réidh leis an gcumhacht sin a iompar. Mar thoradh air sin, ní mór athruithe a dhéanamh ar an eangach leictreachais – lena n-áirítear na rialacháin agus an beartas a théann i bhfeidhm ar an eangach.

Is é is aidhm leis na hathruithe a phléitear sa chomhairliúchán seo go bhféadfadh an eangach na dúshláin ar leith a bhaineann leis an leictreachas in-athnuaite a chomhlíonadh. Maidir leis an gcineál sin fuinnimh:

- gintear é i bhfad ón áit a n-úsáidtear é;
- gintear é ó fhoinse atá inathraitheach; agus
- ní hionann a mhinicíocht agus minicíocht na cumhachta eile ar an eangach, mar sin tá deacrachtaí teicniúla níos mó ann chun déileáil leis.

Dul i ngleic le suíomhanna iargúlta

Tá ceangal orainn gineadóirí nua a chur leis an eangach, is cuma cén áit a roghnaíonn siad mar shuíomh. Tá an ghaoth ar an bhfoinse fuinnimh in-athnuaite is fearr in Éirinn, agus is in iarthar na tíre atá an fhoinse gaoithe ar talamh is fearr agus is iontaoifa. Ar an gcaoi chéanna, is i ndeisceart na tíre atá na féidearthachtaí is fearr ó thaobh grianfhuinnimh de. Is ar chósta an oirthir, áfach, a úsáidtear formhór an leictreachais in Éirinn.

Is dúshlán mór é an méid sin cumhachta a bhogadh trasna na tíre. Ní mór dúinn an eangach a neartú áit a bhfuil gineadóirí in-athnuaite á nascadh againn, agus ár ngréasán a fhorbairt nó a neartú chun a gcumhacht siúd a iompar. Bheadh líon ollmhór tionscadal de dhíth chun an eangach a uasghrádú nó chun cur leis an eangach.

An eangach a uasghrádú gan cur isteach ar an soláthar leictreachais

Ní féidir linn athruithe móra a dhéanamh ar an eangach nuair a bhíonn an chumhacht ar siúl – agus ní féidir linn an chumhacht a mhúchadh chun an obair a dhéanamh ach an oiread. Chun soláthar leictreachais na hÉireann a dhaingniú, ní mór dúinn uainiú na dtionscadal ar an eangach a phleanáil go cúramach lena chinntiú nach múchfar na soilse. Cuireann sé sin srian ar an líon tionscadal is féidir linn a dhéanamh ag am ar leith.

An pobal a chur ar an eolas agus freagairt dá n-ábhair inní

Is eol dúinn go mbíonn díospóireachtaí teasáil corraitheacha ann mar gheall ar thionscadail nua bonneagair eangaí. Bíonn cúiseanna maithe an-láidir le hathrú suaiteach ag teastáil ó phobail. Ar an gcúis sin, tugaimid deis don phobal dul i gcion ar ár bpróiseas cinnteoireachta. Tá sé mar aidhm againn cur leis an muinín trí na spriocanna atá againn agus na srianta atá orainn a mhíniú go soiléir, agus do fhreagra a iarraidh ina dhiaidh sin. Bíonn sé mar aidhm againn, nuair is féidir, réitigh chríochnaitheacha a mholadh ina léirítear do chuid tuairimí – rud a fhágann go bhfuil seans níos mó ann go nglacfaí leo.

Freagairt do na dúshláin sin

Chuir na tosca sin go léir isteach ar ár smaointeoireacht – agus chuir siad bonn eolais faoi na ceithre dhréacht-chur chuige atá á gcur i láthair againn sa chomhairliúchán seo.



Céard is gá dúinn a bhaint amach?


Chuir an rialtas cúram ar EirGrid: an córas leictreachais a ullmhú le haghaidh todhchaí ina n-úsáidfeair i bhfad níos lú breoslaí iontaise amhail gual, ola agus gás. Go sonrach, cuireadh de chúram orainn a bheith ullamh do chion 70% den leictreachas ar a laghad a bheith ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Is céim ríthábhachtach é sin i dtreo an chuspóra fhoriomláin de bheith saor ó astaíochtaí carbóin ar an nglanleibhéal faoi 2050.

Cé leis ar gá dúinn comhoibriú chun é sin a bhaint amach?

Beidh ról tábhachtach ag EirGrid ina cháil mar oibreoir na heangaí, ach ní féidir linn an sprioc sin a bhaint amach inár n-aonar. Is cuspóir atá ann faoina mbeidh athrú ag teastáil ar fud na hearnála leictreachais iomláine. Beidh gá le bearta ó ghineadóirí leictreachais agus ó fhorbróirí, ó rialtóirí, ón rialtas, ó ESB Networks, agus ó ollúsáideoirí fuinnimh. Beidh ar na gníomhairí tábhachtacha go léir tarraingt le chéile, agus beidh gá le solúbthacht agus le nuálaíocht ó chách.

Tá an comhairliúchán seo bunaithe ar ar féidir le EirGrid a dhéanamh, ach cuirtear san áireamh ann an chaoi a bhféadfadh gníomhaithe eile san earnáil leictreachais cabhrú chun sprioc 2030 a bhaint amach. Le bheith cruinn faoi, tá cuid de na dréacht-chuir chuige atá á moladh againn ag brath ar ar féidir le heagraíochtaí eile a dhéanamh chun go bhféadfaí an sprioc sin a bhaint amach.

Dá bhrí sin, agus mar gheall ar a chasta atá an t-aistriú deich mbliana seo, ní réitigh astu féin iad na cuir chuige atá beartaithe. Is ann do thionscadail bhunúsacha atá le fáil i ngach aon chur chuige – is dócha go mbeidh gnéithe de gach cur chuige le fáil sa phlean deiridh, agus go mbeidh an plean deiridh sin faoi stiúir cur chuige amháin díobh go mór.



An féidir sprioc 2030 a bhaint amach le gach ceann de na ceithre dhréacht-chur chuige?

Ní féidir. Tá sé tábhachtach a bheith macánta faoin deacracht a bhaineann le sprioc 2030 a bhaint amach. Éireoidh linn 70% ar a laghad a bhaint amach le haon cheann amháin de na dréacht-chuir chuige, ach ní bhainfeair an sprioc sin amach faoi 2030. Tá riosca ard ag baint le ceann eile de na dréacht-chuir chuige freisin nach gclóffí leis an spriocdháta sin. Chuireamar na cuir chuige sin san áireamh le go dtuigfeá an scála, an costas agus an tionchar a bhaineann leis an aistriú i dtreo an leictreachais ghlain. Ní mór dúinn do thuairimí a fháil le gur féidir linn an cinneadh is fearr agus is féidir a dhéanamh.

Céard atá le déanamh agatsa?

Foghlaimoidh tú anois faoi gach ceann de na ceithre dhréacht-chur chuige chun eangach na hÉireann a ullmhú don leictreachas glan. Beidh aiseolas ag teastáil uait ansin (féach leathanach 27) le gur féidir linn straitéis chríochnaitheach a chur le chéile. Beidh mar thoradh ar an straitéis sin pleananna sonracha le haghaidh gach ceann de na tionscadail ar leith is gá a sholáthar roimh 2030. Déanfar comhairliúchán poiblí le haghaidh gach ceann de na tionscadail sin, agus beidh siad faoi réir cead pleanála, mar is gnách.

Faoi threoir na giniúna

Déantar an ghiniúint leictreachais ghlain a lonnú gar do na háiteanna sin ina n-úsáidtear formhór na cumhachta

Faoi láthair, ní mór do EirGrid gineadóirí nua leictreachais a nascadh leis an eangach is cuma cá bhfuil siad lonnaithe. Ní mór é sin a dhéanamh fiú in áiteanna ina bhfuil an eangach lag nó nach bhfuil mórán éilimh ar leictreachas iontu. Ó tharla go bhfuil sé beartaithe ag go leor forbróirí foinsí nua leictreachais ghlain a thógáil in áiteanna iargúlta, is gá feabhsuithe móra a dhéanamh ar an eangach.

Faoin gcur chuige seo, dhéanfaí giniúint leictreachais nua a lonnú ag brath ar láidreachtaí agus ar laigí reatha na heangaí leictreachais. Chuirfí samhail nua atá faoi threoir ag beartas an rialtais in ionad na samhla reatha maidir le giniúint in-athnuaite a lonnú.

Faoin gcur chuige seo, dhéanfaí líon níos mó feirmeacha gaoithe a fhorbairt gar do limistéir ina bhfuil dlús ard daonra – mar is sna limistéir seo a bhíonn an t-éileamh is mó ar leictreachas.

Faoin gcur chuige seo, is ó fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta san oirthear a thiocfaidh formhór mór an leictreachais ghlain nua a bheidh ag teastáil ó Éirinn. Chuirfí leis sin le roinnt feirmeacha gaoithe agus grianchumhachta nua ar an talamh i limistéir eile.

Cén cineál oibre a bheidh ag teastáil, agus cén costas a d'fhéadfadh a bheith ar an obair sin?

Faoin gcur chuige seo, measaimid go mbeidh orainn tabhairt faoi 38 tionscadal chun cur leis an eangach leictreachais nó chun í a uasghrádú.

Measaimid go bhfuil costas níos lú ag baint leis an gcur chuige seo chun an eangach a ullmhú le haghaidh spriocanna 2030. Bheadh costas €0.7 billiún nó mar sin ar na huasghráduithe eangaí a bhaineann leis na 38 tionscadal. Glactar leis gur ón ngaath amach ón gcósta san oirthear a thiocfaidh 4.5 GW den sprioc maidir le leictreachas in-athnuaite. Soláthrófar faoi bhun 1 GW le feirmeacha nua grianfhuinnimh agus gaoithe ar talamh.


Faoin gcur chuige seo, lonnófaí feirmeacha gaoithe níos gaire do cheantair ina bhfuil daonra níos mó. Bheadh athrú ar bheartas an rialtais agus ar an mbeartas rialála ag teastáil lena aghaidh sin. Bheadh comhoibriú iomlán na hearnála giniúna ag teastáil freisin le go mbeadh an cur chuige seo iomlán éifeachtach.

Is dócha go mbeadh mar thoradh ar an gcur chuige seo eangach ina bhféadfar 70% ar a laghad de leictreachas na hÉireann a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030.



Cén chuma a bheadh ar an dréacht-chur chuige seo?

An toradh ba dhóchúla ar an gcur chuige seo ná líon níos mó feirmeacha gaoithe amach ó chósta an oirthir. Mar sin féin, ní bheadh mórán bonneagar eangaí an-fheiceálach ag teastáil chun iad a nascadh leis an eangach. Theastódh roinnt línte nó cáblaí nua freisin.



Faoi threoir na bhforbróirí

Ligtear do na forbróirí a chinneadh cén áit ar cheart an ghiniúint leictreachais ghlain a lonnú

Is é seo an beartas reatha le haghaidh na heangaí leictreachais in Éirinn. D'éirigh go maith le hÉirinn go dtí seo ó thaobh leictreachas in-athnuaite a chur leis an eangach – is ón ngaoth a thagann 40% dár leictreachas faoi láthair. Is iomaí cúis a bhí leis sin, mar shampla spreagadh na giniúna ó fhoinsí in-athnuaite. Ba é sin an sprioc a bhí le beartais an rialtais agus le beartais rialála le deich mbliana anuas nó mar sin de.

Mar thoradh air sin, tá ceangal ar EirGrid foinsí nua leictreachais in-athnuaite a nascadh, beag beann ar neart na heangaí áitiúla. Má leantar den chuir chuige seo, tuaraimid go bhféadfaidh forbróirí leibhéal leordhóthanach giniúna a thógáil chun freastal ar na héilimh faoi sprioc 2030. Mar sin féin, léirítear inár staidéir nach bhféadfaí an eangach a fhairsingiú in am le go mbeifead in ann an chumhacht sin go léir a úsáid in Éirinn.

Measaimid go mbeid breis is 77 tionscadal ag teastáil ar shuíomhanna faoi threoir na bhforbróirí chun cur leis an eangach nó chun í a uasghrádú. Chuimseofaí línte lastuas nó cáblaí faoin talamh leis na tionscadail sin mar aon le huasghráduithe ar an mbonneagar atá ann cheana féin – ar fud na tíre. Beid na tionscadail sin riachtanach chun an eangach a neartú gar d'fhoinsí nua giniúna in-athnuaite. Beid siad riachtanach freisin chun cumhacht a thabhairt ó shuíomhanna iargúlta na giniúna in-athnuaite go dtí na ceantair sin a bhfuil daonra mór iontu ina n-úsáidtear an chumhacht.

An dúshlán a bhaineann leis an gcur chuige seo is ea an líon tionscadal agus an t-am a bheidh i gceist chun iad a chur i gcrích. Ar chúiseanna sábháilteachta agus shlándáil an tsoláthair fuinnimh, tá teorainneacha praiticiúla ar an líon mórthionscadal ar féidir linn tabhairt fúthu ag an am céanna. Tá taithí fhorleathan againn ar an tréimhse ama a bhíonn i gceist le tionscadail eangaí a phleanáil agus a bhainistiú, agus – go háirithe – tacaíocht an phobail a ghnóthú lena n-aghaidh. Dá bhrí sin, tuaraimid nach gcuirfí na tionscadail riachtanacha i gcrích go dtí blianta fada tar éis 2030.

Idir an dá linn, mar gheall ar an easpa acmhainneachta ar an eangach, ghní cumhacht sa bhreis nach bhféadfaí í a onnmhairiú ná a úsáid. Mar thoradh air sin, bheadh orainn iarraidh ar fheirmeacha gaoithe agus grianfhuinnimh stopadh de leictreachas a ghiniúint ar laethanta an-ghaofar nó an-ghrianmhar.

Cén cineál oibre a bheidh ag teastáil, agus cén costas a d'fhéadfadh a bheith ar an obair sin?

Tá an cur chuige bunaithe ar 4 GW de ghiniúint in-athnuaite nua ó fheirmeacha gaoithe ar an talamh, 2 GW ó ghrianfhuinneamh, agus 2 GW ó ghaoth amach ón gcósta. Is rogha chostasach shuaiteach é seo – tá breis is 77 tionscadal i gceist, mar aon le costas dóchúil €1.9 billiún ar uasghráduithe eangaí agus ar ghnéithe nua den eangach.

Níos tábhachtaí fós, dá nglacfaí an cur chuige seo, ní bheadh an eangach réidh chun 70% de leictreachas na hÉireann a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030.




Dréacht-Chur Chuige

2

Cén chuma a bheadh ar an dréacht-chur chuige seo?

Is gnéithe móra nua iad 10 gcinn ar a laghad de na tionscadail a bheadh ag teastáil chun an eangach a ullmhú don chur chuige seo. Beid siad ag teastáil chun méideanna móra cumhachta a bhogadh thar achar fada. Beid roinnt fostáisiúin mhóra nua ag teastáil freisin.



Faoi threoir na teicneolaíochta

Triail a bhaint as bealaí nua chun an leictreachas glan a bhogadh timpeall na tíre

Ceann de na dúshláin a bhaineann leis an leictreachas glan is ea conas méideanna móra cumhachta a bhogadh ón bhfoinse go dtí an áit ina bhfuil sé ag teastáil. In ionad an ghiniúint a lonnú gar don éileamh, nó an t-éileamh a lonnú gar don ghiniúint, féachtar sa chur chuige seo ar bhealaí nuálacha chun an chumhacht féin a bhogadh.

An cuspóir atá leis an eangach is ea cumhacht a bhogadh ar an mórchóir thar achar fada, agus an chumhacht sin a chomhtháthú ar fud an líonra iomláin ag an am céanna. Bíonn línte lastuas ar a n-iompraítear sruth ailtéarnach (SA) ag teastáil go hiondúil chun na spriocanna sin a bhaint amach mar bíonn na línte sin iontaofa agus láidir. Mar a shonraítear i gCur Chuige 2, áfach, ní féidir linn an líon riachtanach línte nua SA a chur i gcrích roimh 2030.

Mar rogha air sin, úsáidtear cáblaí ardachmhainneachta srutha dhírigh faoi thalamh sa chur chuige seo. Ní úsáidfí na cáblaí sin ach amháin chun cumhacht a bhogadh ó fheirmeacha gaoithe agus grianfhuinnimh in iarthar na hÉireann chuig cathracha ar chósta an oirthir ina mbíonn níos mó cumhachta ag teastáil.

Is iondúil a úsáidtear cáblaí srutha dhírigh ardvoltais den sórt sin i naisc fadraoin idir gréasáin éagsúla. Ní minic a úsáidtear iad mar chuid chomhtháite d'eangach leictreachais náisiúnta. An chúis atá leis sin ná nach éasca leictreachas srutha dhírigh a chomhtháthú leis an mbonneagar eangaí srutha ailtéarnaigh atá ann cheana féin. Mar shampla, i gcás cáblaí srutha dhírigh mar seo, bíonn stáisiúin tiontaire atá mór, costasach agus casta ag teastáil ag an dá thaobh de gach cábla.

Ar na cúiseanna sin, ní bheadh na cáblaí srutha dhírigh sin ina gcuid chomhtháite den eangach. Naisc aonraithe aontreo a bheadh iontu idir an ghiniúint fuinnimh in-athnuaite agus lárionaid uirbeacha.

Chun an cur chuige seo a chumasú, beidh orainn feistí leictreonacha sofaisticiúla a shuiteáil ar línte SA atá ann cheana féin chun athrú a dhéanamh ar an gcaoi a seoltar an chumhacht ar an gcuid eile den eangach.

Bíodh is gurb é EirGrid a bhíonn ag planáil do thodhchaí na heangaí, is é ESB Networks a thógann an bonneagar eangaí agus is le ESB Networks an bonneagar. Chun an cur chuige seo a sheachadadh, beidh orainn oibriú as lámha a chéile chun teicneolaíochtaí a chur i bhfeidhm ar scála nach bhfacthas riamh cheana.

Cén cineál oibre a bheidh ag teastáil, agus cén costas a d'fhéadfadh a bheith ar an obair sin?

Tá an dréacht-chur chuige seo bunaithe ar 4 GW de ghiniúint in-athnuaite ó fheirmeacha gaoithe ar an talamh, 2 GW ó ghriannfhuinneamh, agus 2 GW ó ghaoth amach ón gcósta.

Measaimid go mbeidh breis is 46 tionscadal ag teastáil ar chostas thart ar €1.5 billiún chun an eangach a uasghrádú agus chun cur léi. Tá méid mór éiginnteachta teicniúla ag baint leis an dréacht-chur chuige seo freisin.

Ar an gcúis sin, creidimid go mbeadh sé thar a bheith dúshlánach an obair riachtanach go léir a chríochnú in am. Dá bhrí sin, faoin gcur chuige seo, ní dócha go mbeadh an eangach réidh le haghaidh 70% de leictreachas glan ar a laghad faoi 2030.

EirGrid: Tionchar a imirt ar ár soláthar leictreachais amach anseo


Dréacht-Chur Chuige

3



Cén chuma a bheadh ar an dréacht-chur chuige seo?

Sa chur chuige seo, úsáidtear roinnt cáblaí leictreachais srutha dhírigh ardvoltais faoi thalamh chun cumhacht a bhogadh ón iarthar go dtí an t-oirthear. Bheadh stáisiúin mhóra tiontaire ag teastáil ag an dá thaobh de gach cábla le gur féidir an chumhacht a nascadh arís leis an eangach. Is foirgnimh réasúnta mór iad stáisiúin tiontaire, ach is féidir a dtionchar físiúil a mhaolú le tírdhreachú cúramach.



Ullmhú chun leibhéal 70% ar a laghad de leictreachas glan a bhaint amach faoi 2030

Faoi threoir an éilimh

Ollúsáideoirí leictreachais a lonnú gar d'fhoinsí giniúna leictreachais ghlain

Tiocfaidh méadú mór ar an méid leictreachais a bheidh á iompar ar an eangach sna deich mbliana amach romhainn. Faoi mar a tharla i gcónaí, beidh go leor den chumhacht ar an eangach in úsáid ag céatadán íseal úsáideoirí leictreachais.

San am a chuaigh thart, ba mhonarchana stroighne nó saoráidí bruithnithe miotail iad na húsáideoirí sin. Sa lá atá inniu ann, is in eamálacha na cógaisíochta, na hardteicneolaíochta agus na ríomhaireachta a bhíonn na húsáideoirí sin ag feidhmiú. Go háirithe, tuaraimid go mbeidh 27% d'iomlán an leictreachais ar an eangach in úsáid ag ionaid sonraí agus muid ag druidim le 2030.

Faoi láthair, níl aon ionchur ag EirGrid maidir leis na háiteanna ina lonnaíonn úsáideoirí ard-éilimh. Mar fhóntas rialáilte, tá ceangal orainn iad a nascadh leis an eangach is cuma cén áit a bhfuil siad, beag beann ar an éileamh atá ann cheana féin ar chumhacht sa cheantar sin.

Is é cósta an oirthir an suíomh a roghnaíonn formhór na n-úsáideoirí ard-éilimh atá ann cheana féin nó atá beartaithe. Cuireann sé sin brú ar an éileamh áitiúil ar leictreachas agus ar an mbonneagar eangaí atá sa cheantar sin cheana féin. I gcomparáid leis sin, is mian le formhór na bhforbróirí leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite nua a bheith lonnaithe in áiteanna iargúlta, áit nach bhfuil an eangach chomh láidir céanna.

Sa dréacht-chur chuige seo, tiocfaidh athruithe ar bheartas an rialtais agus lonnófaí úsáideoirí ard-éilimh ní ba ghairne d'fhoinsí cumhachta glaine. Lonnofaí iad gar do bhailte móra agus do chathracha móra in iarthar agus i ndeisceart na tíre chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an mbonneagar eangaí atá ann cheana féin.

Cén cineál oibre a bheidh ag teastáil, agus cén costas a d'fhéadfadh a bheith ar an obair sin?


Tá an dréacht-chur chuige seo bunaithe ar 4 GW de ó fheirmeacha gaoithe nua ar an talamh, 2 GW ó ghrianfhuinneamh, agus 2 GW ó ghaoth amach ón gcósta. Tá sé ar cheann de na cuir chuige is lú costas freisin. Measaimid go mbeidh thart ar 41 tionscadal ag teastáil ar chostas os cionn €0.5 billiún chun an eangach a uasghrádú agus chun cur léi. Mar sin féin, bheadh athrú ar bheartas an rialtais agus ar an mbeartas rialála ag teastáil le haghaidh an chur chuige seo.

Fágfaidh an cur chuige seo go mbeidh an eangach réidh le haghaidh spriocanna 2030 maidir leis an leictreachas glan. Ní mór ollúsáideoirí leictreachais a lonnú sna réigiúin tosaíochta den eangach as seo amach, áfach, le go n-éireodh leis an gcur chuige.



Cén chuma a bheadh ar an dréacht-chur chuige seo?

Sa chur chuige seo, ní mór ionaid sonraí nua agus úsáideoirí ard-éilimh nua eile a lonnú gar do bhailte nua agus do chathracha san iarthar agus sa deisceart. Dhéanfaí feirmeacha nua gaoithe agus grianfhuinnimh a chomhchruinniú sna ceantair sin freisin.






An féidir comparáid a dhéanamh idir na cuir chuige éagsúla?

Is ceist chasta é seo ar a bhfuil réitigh theicniúla mhionsonraithe ag teastáil – rud a fhágann gur deacair iad a mheasúnú. Chun críocha comparáide, chruthaíomar tábla achoimre lena léirítear ár ndearcadh ar láidreachtaí agus ar laigí gach cur chuige díobh. Is achoimre ardleibhéil atá ann, agus is léiriú é ar ár dtuairim eolasach. Is féidir leat do dhearcadh féin ar thionchar gach cur chuige a léiriú i do fhreagra ar an gcomhairliúchán seo.





An chaoi a reáchtálaimid an margadh leictreachais

An chaoi a ndéanaimid an eangach leictreachais a phleanáil

An chaoi a n-oibrímid an eangach leictreachais

Cé na hathruithe is gá do EirGrid a dhéanamh le gur féidir 70% ar a laghad de chumhacht na hÉireann a ghiniúint ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite?

Tá trí ról idirnasctha ag EirGrid sa chóras leictreachais.

- Reáchtálaimid an margadh leictreachais.
- Pleanálaimid todhchaí na heangaí.
- Oibrímid an eangach – lena n-áirítear idirnasctha le heangacha comharsanachta.

Dírítear sa chomhairliúchán atá á léamh agat ar an eangach a ullmhú le haghaidh breis leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite. Tá féidearthacht níos mó ag baint le hathruithe ar an eangach nó ar ghnéithe a chuirtear léi chun dul i gcion ar phobail agus ar dhaoine aonair.

Níl san eangach ach aon ghné amháin den chóras leictreachais, áfach. Déanfar athrú mór ar an gcaoi a n-oibrítear an eangach freisin – gach nóiméad de gach lá – chun leibhéal 70% de leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite a bhaint amach faoi 2030. Beidh mar thoradh ar ár moltaí freisin – má ghactar leo – athruithe ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an margadh mórdhíola leictreachais.

Athruithe ar an gcaoi a n-oibrímid an eangach

Is iomaí dúshlán teicniúil a bhaineann le hoibriú na heangaí nuair a fhaightear formhór an leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite. An sprioc atá againn ná a chinntiú go mbíonn an córas leictreachais cobhsaí agus go mbíonn an soláthar slán.

Beidh mar thoradh ar ár bhfreagra oibriúcháin ar na dúshláin sin réimse réitigh, beartais agus uirlisí nua. Rachfar i mbun comhairliúcháin leis an earnáil leictreachais chun cabhrú linn teacht ar an tacar réiteach is fearr.

Athruithe ar an margadh mórdhíola leictreachais

Ní bhíonn leictreachas á ghiniúint againn – feidhmímid sraith margaí uile-oileáin. Tugann na margaí sin deis do chuideachtaí giniúna dul san iomaíocht chun cumhacht a sholáthar. Ina theannta sin, cuireann siad ar a gcumas do shain-soláthraithe réitigh a thairiscint lena gcoinnítear an córas leictreachais láidir agus cobhsaí.

Feidhmítear na margaí le sraith rialacha rialála. Faoi láthair, tá na rialacha sin bunaithe cuid mhór ar an bpraghas a íoctar ar fhuinneamh. Ceapadh na rialacha sin lena chinntiú go n-íocann tomhaltóirí na costais is ísle agus is féidir nuair a bhíonn breoslaí iontaise amhail ola agus gás in úsáid ag gineadóirí.

Is ann do dhúshláin airgeadais agus teicniúla nua, áfach, i margadh atá bunaithe cuid mhór ar an nginiúint in-athnuaite. Go háirithe, tá costas níos mó ag baint leis an nginiúint in-athnuaite a fhorbairt, ach bíonn costais oibriúcháin níos ísle ag baint leis ansin.

Ní mór do na margaí infheistíocht a dhéanamh i réitigh theicniúla nua freisin chun athléimneacht an chórais leictreachais a chothabháil. Mar shampla, cén chaoi ar féidir an córas cumhachta a fheidmiú nuair nach ann do ghaoth ar feadh tréimhse fhada?

Ar na cúiseanna sin, beidh rialacha nua ag teastáil le haghaidh margadh atá bunaithe cuid mhór ar ghineadóirí in-athnuaite. Tá sé mar aidhm lenár gcomhairliúchán maidir leis na margaí fuinnimh na rialacha sin a mholadh agus teacht ar chomhaontú orthu.

An bhfuil tuilleadh faisnéise uait ar na hathruithe sin?

Tá comhairliúcháin ar leith ar siúl ar an dá ghné sin den aistriú chuig fuinneamh glan. Is athruithe teicniúla, nós imeachta agus rialála iad go príomha. Má tá tuilleadh faisnéise uait ina dtaobh, féach consult.eirgrid.ie



Conas is féidir leat dul i gcion ar ár smaointeoireacht?

Achoimre atá anseo ar ár gceithre dhréacht-chur chuige go luath in 2021. Is mian linn do thuairimí a fháil anois le gur féidir linn ár gcuir chuige a bheachtú agus a fheabhsú i straitéis chríochnaithe faoi dheireadh na bliana. Beidh réimse tionscnamh á réachtáil againn le cur ar chumas an phobail tuairimí ar ár ndréacht-chuir chuige a chur in iúl.

Freagairt an phobail: Do thuairimí a chur isteach

Beidh an comhairliúchán ar siúl go dtí meán lae an 14 Meitheamh 2021. Is féidir leat do thuairimí a chur isteach ar bhealaí éagsúla:

Ár dtairseach chomhairliúcháin

Tá tairseach chomhairliúcháin nua seolta ag EirGrid le go mbeidh sé níos éasca ort do chuid aiseolais a chur ar fáil. Tá an tairseach ar fáil ar consult.eirgrid.ie

Tá faisnéis bhreise ar an tionscadal ar an tairseach, is féidir leat suirbhé a líonadh amach ann nó is féidir aighneacht mhionsonraithe a chur isteach.

Ríomhphost

consult@eirgrid.ie

Post

Tionchar a imirt ar ár soláthar leictreachais amach anseo EirGrid, Saorphost FDN 5312 160 Bóthar Shíol Bhroin Droichead na Dothra, D04 FW28

Céard í an chéad chéim eile?

Nuair a bheidh an t-aiseolas go léir faighte againn, déanfaimid ár machnamh ar an gcaoi is fearr chun freagra a thabhairt. An sprioc atá againn pleann dár dTodhchaí Leictreachais a fhoilsiú roimh dheireadh 2021.

Ár bpleananna chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara ar ár ndréacht-chuir chuige a fháil

Táimid ag obair le réimse comhpháirtithe chun cabhrú le páirtithe leasmhara a dtuairim a chur in iúl agus dul i dteagmháil linn go díreach. Áirítear orthu sin:

- Obair le Nasc Tuaithe na hÉireann chun ceardlanna a chur ar siúl do phobail ar fud na hÉireann.
- Obair le Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann chun ceardlanna a chur ar siúl do ghnólaigh ar fud na hÉireann.
- Obair le Comhairle Náisiúnta na nÓg chun Tionól don Óige a chur ar siúl le haghaidh tomhaltóirí leictreachais amach anseo.
- Fóram don tionscal a chur ar siúl. Leis sin, tabharfar le chéile cuideachtaí giniúna agus forbróirí, ollúsáideoirí fuinnimh agus soláthraithe.
- Fóram don tsochaí shibhialta a chur ar siúl. Leis sin, tabharfar le chéile ionadaithe ó réimse leathan disciplíní. Ina measc, tá an léann, talmhaíocht, pobal, comhshaol, forbairt inbhuanaithe, agus ceartas sóisialta.
- Beidh fóram poiblí á chur ar siúl againn freisin, a bheidh cosúil le Tionóil na Saoránach a réachtáil an Rialtas. Cuirfidh sé sin ar a gcumas do bhaill an phobail – a n-earcóidh cuideachta taighde iad – páirt a ghlacadh i bplé grúpa. Cruthófar tuarascálacha torthaí ag eascairt as gach ceann de na tionscnaimh sin, agus foilseoidimid na tuarascálacha sin ar ár láithreán gréasáin. Dá mba mhaith leat páirt a ghlacadh i gceann de na himeachtaí sin, déan teagmháil linn nó faigh tuilleadh faisnéise ar an gcaoi ar féidir páirt a ghlacadh ar consult.eirgrid.ie

Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu



Is mian linn do thuairimí a fháil ar na ceithre dhréacht-chur chuige lena chinntiú go bhféadfar 70% ar a laghad de leictreachas na hÉireann a ghiniúint ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite faoi 2030.

Is féidir leat ceistneoir ar líne atá éasca le húsáid a líonadh amach ach dul chuig ár dtairseach chomhairliúcháin ar consult.eirgrid.ie. Músclaítear ann na príomh-shaincheisteanna ar mian linn go ndéanfá machnamh orthu.

Luaitear na ceisteanna anseo le gur féidir leat smaoineamh ar do fhreagraí roimh ré.

Cuirimid fáilte freisin roimh thuairimí a fháil ar bhealach eile nó i bhformáid níos oscailte má thograíonn tú. Níl le déanamh ach úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála ar leathanach 27.

Ar an tairseach chomhairliúcháin, iarrfaimid ort do thuairim ar ráitis áirithe a chur in iúl. Maidir le gach ráiteas, iarrfaimid ort do thuairim a chur in iúl trí cheann amháin de na freagraí seo a leanas a roghnú:

- Aontaím go láidir
- Aontaím
- Ní aontaím ná ní easaontaím
- Easaontaím
- Easaontaím go láidir
- Níl a fhios agam

Tabharfaimid spás duit ansin tuilleadh faisnéise a thabhairt. D'fhéadfá na cúiseanna le do fhreagra a thabhairt, nó rud ar bith eile a thabharfadh comhthéacs maidir le do thuairim.

Is iad seo a leanas na cúig ráiteas ar gá freagra a thabhairt orthu, mar aon le ceist deiridh a chuirfimid ag deireadh an cheistneora ar líne.

Réamhrá

Ba cheart d'Éirinn gach ar féidir léi a dhéanamh le go mbeidh 70% ar a laghad dá cuid leictreachais á ghiniúint ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite amhail tuirbíní gaoithe nó grianphainéil faoi 2030.

Céard é do bharúil?

Dréacht-chur chuige 1: Faoi threoír na giniúna

When connecting new sources of renewable electricity, locations should be guided by the strength of the grid and demand for power near the proposed site.

Céard é do bharúil?

Dréacht-chur chuige 2: Faoi threoír na bhforbróirí

Ba cheart do chuideachtaí a fhorbraíonn an leictreachas in-athnuaite a roghnú cá háit a lonnófar feirmeacha nua gaoithe nó grianchumhachta.

Céard é do bharúil?

Dréacht-chur chuige 3: Faoi threoír na teicneolaíochta

Ní mór an leictreachas in-athnuaite a iompar ó áiteanna iargúlta go dtí na háiteanna ina n-úsáidtear formhór na cumhachta. Ba cheart dúinn teicneolaíocht nua amhail cáblaí srutha dhírigh ardvoltais faoin talamh a úsáid chun é sin a bhaint amach.

Céard é do bharúil?

Dréacht-chur chuige 4: Faoi threoír an éilimh

Ba cheart do chuideachtaí a úsáideann méid ollmhór cumhachta saoráidí nua a lonnú gar d'fhoinsí leictreachais in-athnuaite agus áit a bhfuil an eangach láidir.

Céard é do bharúil?

Tátal

An bhfuil aon aiseolas eile agat, nó an bhfuil ann d'aon rud eile nach ndearnamar machnamh air, dar leat?

Tionchar a imirt ar ár soláthar leictreachais amach anseo

D'fhéadfadh na deich mbliana amach romhainn a bheith ceannródaíoch le haghaidh chóras leictreachais na hÉireann. Le cúnamh uait, is féidir linn forbairt a dhéanamh ar na torthaí a baineadh amach le deich mbliana anuas. Is féidir linn a bheith chun tosaigh maidir leis an méid sin dár leictreachas a thagann ó fhoinsí fuinnimh ghlain in-athnuaite. Tá an acmhainneacht againn dul i ngleic le dúshlán na géarchéime aeráide le nuálaíocht agus le comhoibriú, rud a bheidh ina eiseamláir do dhaoine agus d'eagraíochtaí eile.

Is féidir le hÉirinn difear mór a dhéanamh do ghéarchéim dhomhanda, ach ní mór athruithe a ghlacadh chugainn féin agus glacadh leo mar chuid de sin. D'fhéadfaí go mbeadh tionchar ar leibhéal áitiúil ag cuid de na hathruithe sin, ach rachaidh siad chun tairbhe mhuintir na hÉireann go léir ar feadh blianta fada amach romhainn.

Tá EirGrid tiomanta do chineál cinnteoireachta atá idir chomhoibríoch agus chomhchoiteann. Is mian linn na hábhair inní atá agat a chloisteáil agus éisteacht le smaointe nach mbeadh le feiceáil sna dréacht-chuir chuige.


Más féidir linn thú a chur ar do shuaimhneas, déanfaimid é sin. Más féidir linn do chuid moltaí a úsáid chun feabhas a chur ar ár ndréacht-chuir chuige, úsáidfimid iad. Táimid anoscailte do smaointe is féidir linn a úsáid chun an eangach a ullmhú le bheith réidh chun 70% ar a laghad de leictreachas na hÉireann a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030.

An chéad chéim ná do thuaim a chur in iúl dúinn, nó aon cheistanna a d'fhéadfadh a bheith agat faoi na dréacht-chuir chuige a chur orainn. Is mian linn cloisteáil uait, mar sin téigh i dteagmháil linn.





The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath D04 FW28 • Teileafón: 01 677 1700 • www.eirgrid.ie

Leagan 1 arna fhoilsiú in Aibreán 2021
 *Priontáilte ar pháipéar athchúrsáilte - athchúrsáil le do thoil*